Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2021
(OR. en)

10048/21

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0216(COD)**
**2018/0217(COD)**

**AGRI 293**
**AGRILEG 130**
**AGRIFIN 73**
**AGRISTR 45**
**AGRIORG 70**
**CODEC 939**
**CADREFIN 309**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An pacáiste um athchóiriú CBT tar éis 2020 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1<br>9634/18 + COR 1 + ADD 1 |
| Ábhar: | ón gComhairle<br>a) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>b) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013<br>*– Dréachtráiteas maidir le simpliú CBT* |

Mar ullmhúchán don Chomhairle 'Talmhaíocht agus Iascach' an 28-29 Meitheamh 2021, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn dréachtráiteas ón gComhairle maidir le simpliú an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) atá le cur isteach sna miontuairiscí.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas maidir le simpliú CBT**

Leis an tsamhail nua seachadta, ba cheart a bheith in ann imréiteach caiteachais feidhmíochtbhunaithe a chur in ionad imréiteach caiteachais atá bunaithe ar chomhlíonadh, rud a d'fhágfadh go bhfágfaí ceapadh na gcóras rialaithe agus smachtbhannaí ar an leibhéal náisiúnta, ar rud é, ó thaobh na mBallstát de, a thagann faoi chuimsiú phrionsabal na coimhdeachta.

Iarrann an Chomhairle go dtabharfar, leis na forálacha atá le heisiúint ag an gCoimisiún sna treoirlínte amach anseo, aird iomlán ar an réasúnaíocht atá taobh thiar den tsamhail nua seachadta. Níor cheart, i ngeall orthu, ceanglais maidir le comhlíonadh a théann thar an raon feidhme a shainítear le hAirteagal 35 den Rialachán Cothrománach a thabhairt isteach an athuair.

Ba cheart dóibh, go háirithe, creat níos fearr a chur ar fáil don nós imeachta lena gcinntear na méideanna atá le heisiamh ó mhaoiniú an Aontais, i gcomhréir leis an gclársceidealú reatha, agus cineál an tsáraithe á chur san áireamh chun a áirithiú go bhfuil siad comhréireach le leibhéal an damáiste airgeadais a dhéantar don Aontas, go háirithe i ndáil leis an tionchar a bhíonn ag aimhrialtachtaí a bhaineann le coinníollacht. I ndáil leis an méid sin, mholfaimis go ndéanfaí an sainmhíniú ar easnaimh thromchúiseacha sna córais rialachais a shoiléiriú a thuilleadh. Is féidir easnamh a bhrath agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmiú na gcomhlachtaí rialachais agus ar cheanglais bhunúsacha an Aontais lena n-áirítear na córais tuairiscithe. Féadfar sin a dhéanamh trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear tástáil chomhlíontachta. Ba cheart ceartuithe airgeadais a theorannú do chásanna ina mbraitear easnaimh thromchúiseacha chórasacha sna córais rialachais. Ba cheart baint a bheith ag an méid atá le heisiamh leis an méid a caitheadh go míchuí nó leis na smachtbhannaí riaracháin a chuirfí i bhfeidhm. Níor cheart ceartuithe ar ráta comhréidh a úsáid ach amháin i gcásanna nach féidir an méid cruinn a caitheadh go míchuí a ríomh.

Ina theannta sin, ní mór foráil a dhéanamh sna treoirlínte go mbeidh na fíoruithe a bhfuiltear ag súil leo ó na comhlachtaí deimhniúcháin teoranta, maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na córais rialachais, do bhainistiú rialacha an Aontais ag na córais sin gan é a leathnú go dtí na coinníollacha incháilitheachta do thairbhithe aonair a leagtar síos sna Pleananna Straitéiseacha CBT.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú, i gcomhréir leis na cuspóirí a fógraíodh, nach dtiocfadh de thoradh na samhla nua seachadta méadú suntasach ar an ualach ar na Ballstáit, ach go ndéanfaí simpliú foriomlán agus, san am céanna, go ráthófaí cosaint leasanna airgeadais an Aontais, go háirithe trí nós imeachta formheasa na bPleananna Straitéiseacha CBT agus Airteagal 57 den Rialachán Cothrománach a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún gan na gnóthachain riaracháin a leanann as tabhairt isteach na samhla nua seachadta a chur ar ceal trí thuairisciú breise a éileamh le haghaidh faireacháin agus meastóireachta.